Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

# Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta

## Páipéir Shamplacha an CSS d'Ábhair Tráinse 2

CC BY NC

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Fáilte

# Seimineár Gréasáin 2026

# Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

Ní dhéanfar an tEispéireas Foghlama Gairmiúil seo a thaifeadadh

Ní cheadaítear aon ghrianghraif, taifeadadh físe, taifeadadh fuaime ná gabhálacha scáileáin

Beidh am ann chun aghaidh a thabhairt ar do chuid ceisteanna is féidir a chur tríd an ngné C agus F.

Oide

# Tacaíochtaí Oide

- EFG Iomlán Lae
- Seimineár Gréasáin
- Seisiúin Chomhoibríocha
- Tacaíocht Scoile
- scoilnet.ie
  oide.ie
- Nuachtlitir

# Príomhdhátaí


**Meán Fómhair 2025**
Sonraíocht

**Téarma 1 25/26**
Treoirlínte CMB

**Téarma 2 25/26**
Scrúdpháipéir Shamplacha

**Meán Fómhair 2026**
Cur i bhfeidhm sa seomra ranga







**Téarma 1 26/27**
Treoir Shamplach CMB

**Téarma 2 26/27**
Treoir Bheo CMB

**Téarma 3 27/28**
CMB le cur isteach

**Meitheamh 2028**
Scrúdú Scríofa Stáit

# Intinní Foghlama na Rannpháirtithe . . .

Oide

- Tuiscint a fháil ar thábhacht lárnach na sonraíochta i dtaca le teagasc, foghlaim agus measúnú
- Pléifimid struchtúr na scrúdpháipéar samplach ag ArdLeibhéal agus Gnáthleibhéal
- Aithneoimid an ról suntasach atá ag briathair ghnímh sa tsonraíocht agus an slí a úsáidtear focail treorach i gceisteanna scrúdúcháin.
- Déanfaimid plé ar an slí a mheasúnaítear na torthaí foghlama thar na snáitheanna le húsáid an scrúdpháipéir samplaigh.

# Sceideal

| | |
|---|---|
| Cuid 1<br>9:15 – 9:40 | Forléargas ar an tsonraíocht agus ar an measúnú |
| Cuid 2<br>9:40 – 10:00 | Struchtúr na scrúdpháipéar |
| Cuid 3<br>10:00 – 11:00 | Scóip an Mheasúnaithe |
| 11:00 -11:10 | C&F |

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cuid 1

## Forléargas ar an sonraíocht agus ar an measúnú

CC BY NC

# Príomhdhoiciméid

Oide





https://tinyurl.com/22dbuabe




https://tinyurl.com/bdz7frkk




https://tinyurl.com/y9kf2zyp




Fíor 1 Comhpháirteanna na n-inniúlachtaí agus an tionchar a mhianaítear leo, 2024 lch 1.

CC BY NC

# Príomhinniúlachtaí

De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

(Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta , NCCA, 2025, lch.22).







Fíor 1 Comhpháirteanna na n-inniúlachtaí agus an tionchar a mhianaítear leo, 2024 lch 1.

# Measúnú

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis do na múinteoirí agus do na scoláirí atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair.


**(Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta, 2025, lch. 22).**



# Measúnú i dTíreolaíocht na hArdteistiméireachta

| Comhpháirt mheasúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí | 40% | Treoir chomónta |
| Scrúdú scríofa | 60% | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal |


**Tábla 2:** Achoimre an mheasúnaithe i gcomhair teistiúcháin




**Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta**, *2025, lth. 22.*
Achoimre an mheasúnaithe i gcomhair teistiúcháin

# Tagairtí don Mheasúnú sa tSonraíocht

Oide





- **Leathanach 6** Foghlaim an scoláire sa tSraith Shinsearach
- **Leathanach 21** Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire
- **Leathanach 22** Measúnú
- **Leathanach 22** Measúnú don teistiúchán
- **Leathanach 23** Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis
- **Leathanach 25** Socruithe réasúnta

Oide


# Measúnú don teistiúchán

- Tá an measúnú don teistiúcháin bunaithe ar an réasúnaíocht, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo
- Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthach a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar do na scoláirí atá i mbun scrúduithe ag leibhéil dhifriúla

**(Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta, 2025, lch. 22).**



Oide




# Snáitheanna Staidéir

Lch.10



Oide

# Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

- Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas na scoláirí i ndiaidh tréimhse foghlama

- Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn na scoláirí

- I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
| --- | --- |
| **Talmhaíocht agus iascaigh** | |
| • tosca eacnamaíocha, timpeallachta agus sóisialta a imríonn tionchar ar an talmhaíocht<br>• cleachtais talmhaíochta a bhíonn ag athrú, lena n-áirítear diansaothrú, cuir chuige orgánacha, táirgeadh bia uirbeach, agus úsáid teicneolaíochta | 3.1 scrúdú a dhéanamh ar thábhacht agus nádúr athraitheach na talmhaíochta in Éirinn |
| • athruithe sa tionscal iascaireachta: forbairt dobharshaothraithe, iascaigh intíre agus caomhnú | 3.2 athruithe sa tionscal iascaireachta in Éirinn a fhiosrú |
| • beartais an Aontais Eorpaigh a bhaineann le talmhaíocht agus iascaigh | 3.3 tionchar bheartais an Aontais Eorpaigh ar an talmhaíocht agus ar iascaigh in Éirinn a phlé |

Lch.11



## Aguisín 1: Gluais de bhriathra gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba cheart a bheith ar chumas na scoláirí ach an toradh foghlama a bhaint amach.

| Briathar gnímh | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| Aithin | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| Anailísigh | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| Ceap | na coincheapa nó na hargóintí cuí a chur in iúl go beacht agus go córasach |
| Cuir in iúl | leaganacha amach cuí a úsáid chun brí a chomhroinnt, malartú a dhéanamh nó eolas a chur i láthair le pobal |
| Cuir síos | pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó samhail a tháirgeadh |
| Déan | tabhairt faoi ghníomhaíocht |
| Déan taighde | sainfhiosrú a dhéanamh, ag úsáid iniúchadh casta agus criticiúil |
| Fiosraigh | breathnaigh, déan staidéar, d'fhonn fíricí a chruthú |
| Iniúch | breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua |
| Léirthuiscint a bheith ag... do... | an bhrí, an luach nó an tábhacht atá le rud a aithint |
| Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil) | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| Measúnaigh (sonraí) | sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoin smaoineamh, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| Mínigh | mionchuntas a thabhairt arna thacú le fáthanna nó cúiseanna |
| Pleanáil | modh nó cur chuige a cheapadh nó a bheartú |
| Pléigh | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, peirspictíochtaí, tosca nó hipitéisí atá bunaithe ar fhianaise chuí |
| Sainaithin | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| Scrúdaigh | breathnú go grinn ar argóintí, coincheapa, sonraí, faisnéis, agus/nó scéalta d'fhonn bunús, barúlacha, peirspictíochtaí, treochtaí agus/nó caidrimh a nochtadh |
| Sintéisigh | smaointe difriúla, sonraí, faisnéis agus/nó eolas a thabhairt le chéile, san fhoirm scríofa nó i bhfoirm eile, chun smaoineamh nua nó tuiscint níos doimhne a chruthú |
| Tabhair breac-chuntas | na príomhphointí a thabhairt, gan ach na píosaí faisnéise riachtanacha a thabhairt |
| Taispeáin | na príomhphointí a thabhairt, gan ach na píosaí faisnéise riachtanacha a thabhairt |

Oide

# Gluais de Bhriathra Gnímh

Lch.27



# Difrealú sa Tireolaíocht idir an Gnáthleibhéal & an Ardleibhéal

Oide

Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe go léireoidh na scoláirí foghlaim atá cuí don leibhéal

**(Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta , 2025, lch. 22).**

# Briathra Gnímh

Oide

Tá Príomhinniúlachtaí leabaithe ar fud na dTorthaí Foghlama.

Sonraíonn an Briathar Gnímh ón Toradh Foghlama an leibhéal is airde is féidir leis an scoláire a bhaint amach.

Tarraingeoidh Focail Ordaithe sna páipéir scrúdaithe ar eispéiris foghlama an scoláire atá oiriúnach do gach leibhéal.

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cuid 2

## Struchtúr an scrúdaithe

cc BY NC

# POINTÍ IS TÁBHACHTAÍ

## Dearadh an pháipéir

- Níos lú leathanach
- Laghdaithe ó scrúdú scríofa 80% go scrúdú scríofa 60%
- D’fhéadfaí go n-athródh an líon leathanach ó bhliain go bliain
- Cuireann sé le taithí an scoláire ar Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí
- Leabhrán críochnúcháin ina iomlán

## Treoracha

- Tá treoracha le fáil ar - Leathanach 2
- Tá treoracha le fáil i ngach cuid chomh maith
- Agus ansin i ngach ceist
- Tá cuspóir le gach treoir

## Léarscáileanna agus Grianghraif

- Scrúdófar Léarscáil Nua Tháilte Eireann de scála 1:50,000 ó 2028
- Dála na Sraithe Sóisearaí, scrúdófar scálaí léarscáile éagsúla (U5 - SLAanna) e.g., 1:10,000
- Beidh grianghraif anuas (grianghraif ón aer) sa scrúdú, dála Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí

## Spásanna chun freagartha

- Is ar cháilíocht an fhreagra atá an bhéim
- Ábhar machnaimh: an briathar treorach agus an spás atá ar fáil
- Níl aon bhaint ag fad na ceiste le cé chomh éasca is atá an cheist
- Is amhlaidh a theastaíonn smaointeoireacht ardoird le haghaidh freagraí níos gearra de réir an chomhthéacs.

## Briathra Gnímh

- Sonraíonn an Briathar Gnímh ón Toradh Foghlama an leibhéal is airde is féidir leis an scoláire a bhaint amach.
- Tarraingeoidh Focail Ordaithe sna páipéir scrúdaithe ar eispéiris foghlama an scoláire atá oiriúnach do gach leibhéal.

# Athruithe ar an grafaic eolais sa tsraith léarscáilíochta "Discovery" de scála 1:50,000 ó Tháilte Éireann



Tailte Éireann

scoilnet maps

Oide

**Athruithe ar an tsraith léarscáilíochta Discovery ar scála 1:50,000**

Tá branda Thailte Éireann ar na léarscáileanna nua agus ní bheidh lógó orthu ach lógó Thailte Éireann atá ann in áit lógó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann.

Cuireadh an eochair eolais nua ina ceathrúna ar mhaithe le léamh a éascú

EOLAS LÉARSCÁILE

**Maidir leis an eochair eolais, athdhearadh a leagan amach chun teacht leis an táirge nua léarscáile ar scála 1:50,000.**

**Cuimsítear an méid seo a leanas:**

**Siombailí nua:** Seasann siombailí breise do ghnéithe léarscáile nuashonruithe – ní úsáidtear ach trí dhath ar mhaithe le comhleanúnachas.


- Dath fíona a sheasann do shiombailí ‘topografacha’ agus ‘turasóireachta’ ar talamh, ach amháin ‘seaniarsmaí’, a bhfuil dath dearg orthu.
- Dath gorm ar siombailí a sheasann do sheirbhísí ‘mara’, mar atá seirbhísí ar muir.
- Dath dearg ar siombailí a sheasann do sheirbhísí éigeandála.
- Cuireadh deireadh le roinnt siombailí a úsáideadh ar an tseaneochair eolais agus ní bheidh siad ar an eochair eolais nua.

**Gnéithe Athdheartha:** Rinneadh mionchoigeartú ar shiombailí reatha d’fhonn is go mbeadh cuma níos soiléire is níos comhaimseartha orthu.

**Caighdeánú:** Tá siombailí le fáil i ngach táirge léarscáile ag teacht lena chéile anois.


**Rangú Loighiciúil:** Rangaítear gnéithe faoi cheannteidil shoiléire atá bunaithe ar a bhfeidhm agus a n-úsáid

[https://oide.ie/wp-content/uploads/2026/01/Athruithe-ar-an-tsraith-learscailiochta.pdf](https://oide.ie/wp-content/uploads/2026/01/Athruithe-ar-an-tsraith-learscailiochta.pdf)





# Tíreolaíocht Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal 1:50,000 Léarscáil Sampla 1


Oide




# Tíreolaíocht Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal Eochair Eolas




# Tíreolaíocht Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal Léarscáil 1:10,000 Sampla 2




Oide

# Tíreolaíocht Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal Eochair Eolas 1:10,000 Sampla 2

# Teacht ar Eolas a bhaineann leis an Measúnú

https://www.examinations.ie/

Oide

**Páipéar Samplach**
**2 Gnáthleibhéal**
**2 Ardleibhéal**
**Léarscáil & Eochair Eolas**

**Scrúdpháipéir Shamplacha na Sraithe Sinsearaí**

Ábhair nua agus athbhreithnithe le tabhairt isteach i scoileanna i Meán Fómhair 2025

Sciar 1 | Sciar 2 | Sciar 3 | Sciar 4 | Sciar 5

Ábhair nua agus athbhreithnithe le tabhairt isteach i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2026

**Tá na scrúdpháipéir shamplacha ar fáil anois d'ábhair thráinse 2 agus féadfar teacht orthu ach cliceáil ar an ábhar cuí sa tábla thíos.**

Tá eolas breise ar Chlár Athfhorbartha na Sraithe Sinsearaí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais anseo.

Féadfar aon aiseolas maidir lena bhfuil sna hábhair shamplacha seo a chur isteach ar ríomhphost chuig scr@examinations.ie

Tá cáipéis Ceisteanna Coitianta ar Ábhair Shamplacha na Sraithe Sinsearaí ar fáil anseo

Tá Ciorclán S49/26 Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí – Scrúdpháipéir Shamplacha do Thráinse 2 ar fáil here


Tá Sceideal Sealadach deiridh na scrúduithe agus dátaí críochnaithe do 2027 anseo

| Sciar 2 | | |
|---|---|---|
| **Cuntasaíocht *** | Teicneolaíocht Foirgníochta | Innealtóireacht |
| **Béarla *** | Tíreolaíocht | Saol, Pobal agus Obair |
| Corpoideachas | | |

* will not be given effect earlier than September 2027


# Scrúdpháipéir Shamplacha

https://www.examinations.ie/scr/












Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Struchtúr

CC BY NC

# Struchtúr an Scrúdaithe



| Ardleibhéal | Gnáthleibhéal |
|---|---|
| • **Fad ama:** 2 uair an chloig 30 nóiméad | • **Fad ama:** 2 uair an chloig 30 nóiméad |
| • **Marcanna Iomlána:** 300 | • **Marcanna Iomlána:** 300 |
| • **Rannóg:** A, B, C | • **Rannóg:** A, B |

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Roinn A

- Tá sé ann sna páipéir ag an nGnáthleibhéal & ag an Ardleibhéal
- Freagair gach ceist
- Rud a chuimsíonn ceisteanna gearra: e.g. cuir tic leis an mbosca, fíor/bréagach, meaitseáil téarmaí, lipéadaigh léaráid, freagraí aon fhocail nó aon abairte agus roinnt ceisteanna atá scilbhunaithe
- Scrúdaítear an snáithe aontaitheach agus na snáitheanna comhthéacsúla
- Tá éagsúlacht thar na ceisteanna ó thaobh deacrachta de agus ní mar a chéile an líon ceisteanna i ngach páipéar

# Roinn B

- Tá sé ann sna páipéir ag an nGnáthleibhéal & ag an Ardleibhéal
- Ardleibhéal: ceithre cheist – roghnaigh trí cinn acu
- Gnáthleibhéal: cúig cheist – roghnaigh ceithre cinn acu
- Baineann téama le gach ceist agus tá ilpháirteanna i ngach ceann; tugtar faoi gach páirt i ngach ceist
- Scrúdaítear an snáithe aontaitheach agus na snáitheanna comhthéacsúla
- Measúnaítear réimse torthaí foghlama sna ceisteanna
- I ngach ceist, tá gnéithe a bhaineann le scileanna agus le heolas
- Má thugann duine faoi gach ceist, marcáiltear gach ceann acu agus déantar na scórtha is airde a chomhaireamh.

# Roinn C (Ardleibhéal Amháin)

- Dhá cheist – ceann acu le roghnú ag scoláirí
- Scrúdaítear an snáithe aontaitheach agus na snáitheanna comhthéacsúla
- Tá treoracha/tacaíochtaí ar leith i ngach ceist chun scoláirí a threorú – ba cheart duit plé a dhéanamh i do fhreagra ar ...
- Tá focal treorach i ngach ceist – e.g. scrúdaigh, pléigh
- Maidir le ceisteanna ina dteastaíonn freagraí fada, teastaíonn mioneolas, tuiscint mhaith agus anailís struchtúrtha ar na topaicí agus coincheapa sa cheist
- Teastaíonn samplaí agus fianaise chun tacú le pointí mar is cuí

# Ardleibhéal
# Codanna Sna Scrúduithe

| Roinn A | Roinn B | Roinn C |
| --- | --- | --- |
| Tá ceist amháin sa roinn seo. Freagair gach cuid den cheist seo. | Tá ceithre cheist sa roinn seo. Freagair trí cheist ar bith sa roinn seo. Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist. | Tá dhá cheist sa roinn seo. Freagair ceist amháin as an dá cheist. Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist. |

# Gnáthleibhéal
# Codanna Sna Scrúduithe

Oide

| Roinn A | Roinn B |
| --- | --- |
| Tá ceist amháin sa roinn seo. Freagair gach cuid den cheist seo | Tá cúig cheist sa roinn seo. Freagair ceithre cheist ar bith sa roinn seo. Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist. |


# Leithdháileadh Marcanna

Oide

| Ardleibhéal | | Gnáthleibhéal | |
|---|---|---|---|
| **Roinn A** | 90 marcanna | **Roinn A** | 100 marcanna |
| **Roinn B** | 150 marcanna | **Roinn B** | 200 marcanna |
| **Roinn C** | 60 marcanna | | |

# Díriú ar Mharcáil Ar Líne

- Freagraí le bheith scríofa sna spásanna sa leabhrán
- Scríobh i ndúch dubh nó i ndúch gorm
- Ní féidir pinn luaidhe nó pionsailí dathadóireachta a úsáid ach le haghaidh sceitsí, graf, agus léaráidí
- Ní gá an spás ar fad a thugtar le haghaidh freagraí a úsáid
- Spás le haghaidh obair bhreise ag deireadh an leabhráin
- Tugtar faoi deara: caithfear gach obair bhreise a lipéadú le huimhir agus le páirt chruinn na ceiste.
- Scanfar an leabhrán – b'fhéidir nach bhfeicfeadh an scrúdaitheoir aon ábhar scríofa a bhíonn lasmuigh de na boscaí




**le haghaidh tuilleadh eolais:**
**www.examinations.ie**

# Treoracha atá sainiúil don ábhar - GL

Oide

## Treoracha

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Tá cead agat úsáid a bhaint as peann luaidhe agus as pinn luaidhe dathúcháin faoi choinne sceitsí, graf agus léaráidí amháin.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. B'fhéidir nach mbeadh gá agat leis an spás go léir atá ar fáil. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Cuiread léarscáil 1:50,000 de chuid Thailte Éireann agus eochair eolais ar fail ar bhileog eile agus tá siad le n-úsáid chun ceisteanna 1(g), 4(a) agus 6(c) a fhreagairt.

Tá **dhá** roinn sa bpáipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn A** | 100 marc | |
| | Tá ceist amháin sa roinn seo. Freagair **gach** cuid den cheist seo. | |
| **Roinn B** | 200 marc | |
| | Tá cúig cheist sa roinn seo. Freagair **ceithre** cheist ar bith sa roinn seo.<br>Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist. | |

*Scrúdú na hArdteistiméireachta – Páipéar Samplach 1* 2
*Tíreolaíocht – Gnáthleibhéal*

LCH. 2

# Treoracha atá sainiúil don ábhar- AL

**Treoracha**

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Tá cead agat úsáid a bhaint as peann luaidhe agus as pinn luaidhe dathúcháin sna sceitsí, sna graif agus sna léaráidí amháin.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. B'fhéidir nach mbeadh gá agat leis an spás go léir atá ar fáil. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá léarscáil 1:50,000 agus eochair eolais de chuid Thailte Éireann curtha ar fáil ar leathanach eile lena n-úsáid i gceisteanna 1(a), 1(b), agus 5(b).

Tá **thrí** roinn sa bpáipéar seo.

**Roinn A** 90 marc

Tá ceist amháin sa roinn seo. Freagair **gach** cuid den cheist seo.

**Roinn B** 150 marc

Tá ceithre cheist sa roinn seo. Freagair **trí** cheist ar bith sa roinn seo.
Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist.

**Roinn C** 60 marc

Tá dhá cheist sa roinn seo. Freagair ceist **amháin** as an dá cheist.
Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.

*Scrúdú na hArdteistiméireachta – Páipéar Samplach 1* 2
*Tíreolaíocht – Ardleibhéal*

LCH. 2

**Treoracha**

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Tá cead agat úsáid a bhaint as peann luaidhe agus as pinn luaidhe dathúcháin sna sceitsí, sna graif agus sna léaráidí amháin.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. B'fhéidir nach mbeadh gá agat leis an spás go léir atá ar fáil. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá léarscáil 1:50,000 agus eochair eolais de chuid Thailte Éireann curtha ar fáil ar leathanach eile lena n-úsáid i gceisteanna 1(a), 1(b), agus 5(b).

Tá **thrí** roinn sa bpáipéar seo.

**Roinn A** 90 marc

Tá ceist amháin sa roinn seo. Freagair **gach** cuid den cheist seo.

**Roinn B** 150 marc

Tá ceithre cheist sa roinn seo. Freagair **trí** cheist ar bith sa roinn seo.
Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist.

**Roinn C** 60 marc

Tá dhá cheist sa roinn seo. Freagair ceist **amháin** as an dá cheist.
Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cuid 3

## Scóp feidhme an mheasúnaithe

CC BY NC

# Forbraítear Príomhinniúlachtaí trí Eispéiris Ranga

De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

(Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta, **2025, lch. 22).**

# Foghlaim,Teagasc agus Measúnú

1. Déanfar measúnú ar thorthaí foghlama ar bhealaí éagsúla
2. Ní mór dul i ngleic leis an sonraíocht ina hiomláine
3. Ní mór dul i ngleicle gach gné de gach toradh foghlama lena n-áirítearan colún "SLA" (foghlaimonn daltaí faoi)



# Measúnú ar Thorthaí Foghlama


Oide

**T.F. 1.11**

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • foirmiú córas ardbhrú agus lagbhrú (lena n-áirítear stoirmeacha):<br>  • dáileadh éagothrom grianradaíochta<br>  • cúrsaíocht dhomhanda an atmaisféir (iarmhairt Coriolis)<br>• saintréithe córas ardbhrú agus lagbhrú: teocht, frasaíocht agus gaoth | **1.11** foirmiú agus saintréithe córas ardbhrú agus lagbhrú a bhfuil baint acu le hÉirinn a anailísiú |

| | |
|---|---|
| **Anailísigh** | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |

**Lch.15**




# Measúnú ar Thorthaí Foghlama

Oide

**Ceist 5** | **Idirnaisc** | **(50 marc)**

**(a)** Scrúdaigh **Fíor 12** ina dtaispeántar córas aimsire fronta agus freagair na ceisteanna a leanas.




Fíor 12

**(i)** Ainmnigh an cineál fronta aimsire atá á thaispeáint ag **A agus** an cineál fronta aimsire atá á thaispeáint ag **B** i bh**Fíor 12**.

| |
|---|
| A: |
| B: |

**(ii)** Ainmnigh **agus** mínigh go hachomair an próiseas atá ag tarlú ag **C** i bh**Fíor 12.**

**(iii)** Mínigh go hachomair an fáth a dtarlaíonn córais aimsire fronta in Éirinn go minic.

# T.F. 1.11

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • foirmiú córas ardbhrú agus lagbhrú (lena n-áirítear stoirmeacha):<br>• dáileadh éagothrom grianradaíochta<br>• cúrsaíocht dhomhanda an atmaisféir (iarmhairt Coriolis)<br>• saintréithe córas ardbhrú agus lagbhrú: teocht, frasaíocht agus gaoth | 1.11 foirmiú agus saintréithe córas ardbhrú agus lagbhrú a bhfuil baint acu le hÉirinn a anailísiú |

| | |
|---|---|
| **Anailísigh** | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |

**Ardleinhéal- Sampla1**


Roinn B C5 (c) (i),(ii),(iii)

# Measúnú ar Thorthaí Foghlama

Oide

## T.F. 1.11

**(d)** Scrúdaigh an chairt aimsire thíos. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis a leanas.




| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| (i) | Is fronta fuar é an fronta a bhfuil an lipéad **A** air. | ☐ | ☐ |
| (ii) | Taispeánann an t-iseabar a bhfuil an lipéad **B** air brú atmaisféarach 1020 hPa. | ☐ | ☐ |
| (iii) | Cuireann **L** ar chairt aimsire lárphointe limistéir ardbhrú in iúl. | ☐ | ☐ |
| (iv) | Tarlaíonn frontaí nuair a ardaíonn aer te mar thoradh ar aer fuar. | ☐ | ☐ |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • foirmiú córas ardbhrú agus lagbhrú (lena n-áirítear stoirmeacha):<br>  ◦ dáileadh éagothrom grianradaíochta<br>  ◦ cúrsaíocht dhomhanda an atmaisféir (iarmhairt Coriolis)<br>• saintréithe córas ardbhrú agus lagbhrú: teocht, frasaíocht agus gaoth | **1.11** foirmiú agus saintréithe córas ardbhrú agus lagbhrú a bhfuil baint acu le hÉirinn a anailísiú |

| | |
|---|---|
| **Anailísigh** | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |

## Gnaithleibhéal - Sampla 1

Roinn A Q (d)

# Ceisteanna scrúdaithe …



- d'fhéadfaí gnéithe ar leith den cholún "Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas" a mheas

- seans nár mhór do scoláirí tagairt a dhéanamh do chomhthéacs ar leith a ndearna siad staidéar air

- seans go dtabharfaí scafláil do scoláirí

# Ardleibhéal – Páipéar Shamplach
## Roinn B C.5 (c)

Oide

**(c)** Déan plé ar an tionchar a bhí ag úsáid na teicneolaíochta ar an athrú atá tagtha ar an talmhaíocht in Éirinn le himeacht ama.

T.F. 3.1

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **Talmhaíocht agus iascaigh**<br>• tosca eacnamaíocha, timpeallachta agus sóisialta a imríonn tionchar ar an talmhaíocht<br>• cleachtais talmhaíochta a bhíonn ag athrú, lena n-áirítear diansaothrú, cuir chuige orgánacha, táirgeadh bia uirbeach, agus úsáid teicneolaíochta | 3.1 scrúdú a dhéanamh ar thábhacht agus nádúr athraitheach na talmhaíochta in Éirinn |

| | |
|---|---|
| **Scrúdaigh** | breathnú go grinn ar argóintí, coincheapa, sonraí, faisnéis, agus/nó scéalta d'fhonn bunús, barúlacha, peirspictíochtaí, treochtaí agus/nó caidrimh a nochtadh |

# Ardleibhéal – Páipéar Shamplach 1
## Roinn B C.2 (b)

**(b)** Agus tagairt á déanamh agat do shuíomh sa Domhan Thuaidh a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh iarmhairt **amháin** de chuid gníomhaíocht bholcánach ar **gach** ceann díobh seo:

- an geilleagar
- an comhshaol
- an tsochaí.

| |
|---|
| Shuíomh sa Domhan Thuaidh: |
| Míniú: |

**T.F. 1.4**

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • thionchair dhearfacha agus dhiúltacha gníomhaíochta bolcánaí | **1.4** tionchar eacnamaíoch, timpeallachta agus sóisialta gníomhaíochta bolcánaí i suíomh amháin sa Domhan Thuaidh agus suíomh amháin sa Domhan Theas a iniúchadh |

| | |
|---|---|
| **Iniúch** | breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua |

# Gnáthleibhéal- **Páipéar Shamplach 1**
## Roinn B C.2 (c )

Oide

(c) Mínigh iarmhairtí na heisimirce (daoine ag fágáil na tíre) ar Éirinn. Déan tagairt d'iarmhairtí ar an leibhéal áitiúil agus/nó ar an leibhéal náisiúnta.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**T.F. 2.10**

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • Éire mar thír ghlactha agus tír bhronntach<br>• tionchair lena n-áirítear caidrimh phobail, éagsúlacht, fostaíocht, soláthar seirbhíse agus seoltáin | 2.10 tionchair na himirce in Éirinn, lena n-áirítear a suíomh áitiúil, a mhíniú |

| | |
|---|---|
| **Mínigh** | mionchuntas a thabhairt arna thacú le fáthanna nó cúiseanna |

# Ardleibhéal - Páipéar Shamplach 1

## Roinn B  C.2a (ii)

Oide

(ii) Ainmnigh raon fillsléibhte **amháin** lasmuigh d'Éirinn **agus** luaigh an tréimhse foirmithe sléibhte (an t-oraigineas) inar fhoirmigh sé.

| | |
|---|---|
| Raon Fillsléibhte: | |
| Oraigineas: | |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • dhá shampla dhifriúla sliabhraonta, ceann amháin in Éirinn agus sampla idirnáisiúnta amháin | 1.2 scrúdú a dhéanamh ar fhoirmiú sliabhraonta trí phróisis fillte |

| | |
|---|---|
| **Scrúdaigh** | breathnú go grinn ar argóintí, coincheapa, sonraí, faisnéis, agus/nó scéalta d'fhonn bunús, barúlacha, peirspictíochtaí, treochtaí agus/nó caidrimh a nochtadh |

**T.F. 1.2**

# Difrealú sa Tireolaíocht ag an nGnáthleibhéal & ag an Ardleibhéal

Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe go léireoidh na scoláirí foghlaim atá cuí don leibhéal.

**(Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta , 2025, lch. 22).**

# Ardleibhéal - Páipéar Samplach 1

## Roinn B Ceist 3 (c )

# Gnáthleibhéal- Páipéar Samplach 1

## Roinn B Ceist 3 (c )

Oide

